C/2024/3930

19.6.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11606 — BLACKSTONE / MDP / AIR CONTROL CONCEPTS HOLDINGS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/3930)

1. An 10 Meitheamh 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Blackstone Inc. ('Blackstone', na Stáit Aontaithe),

— Madison Dearborn Partners LLC ('MDP', na Stáit Aontaithe),

— Air Control Concepts Holdings, L.P., ('Air Control Concepts', na Stáit Aontaithe) atá faoi rialú MDP faoi láthair.

Gheobhaidh Blackstone agus MDP rialú comhpháirteach ar Air Control Concepts de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is bainisteoir domhanda sócmhainní malartacha é Blackstone,

— Is gnólacht infheistíochta cothromais phríobháidigh é MDP a dhíríonn ar infheistíochtaí i gceithre earnáil, amhail Buntionscail; Seirbhísí Airgeadais; Cúram Sláinte; agus Teicneolaíocht & Rialtas.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí Air Control Concepts lena mbaineann: soláthar táirgí téimh, aerála agus aerchóirithe agus seirbhísí innealtóireachta do chonraitheoirí foirgníochta tráchtála agus tionsclaíocha, do ghnólachtaí dearaidh ailtirí agus d'úinéirí gnó. Tá fócas ghníomhaíocht Air Control Concepts lasmuigh de LEE.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11606 — BLACKSTONE / MDP / AIR CONTROL CONCEPTS HOLDINGS

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) OI C 160, 5 Bealtaine 2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË